# An tIdirnascaire Ceilteach

La liaison électrique entre la France et l'Irlande

*An nasc leictreach idir Éire agus an Fhrainc*

## Achoimre ar an Tionscadal

Le tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, cruthófar idirnasc leictreachais idir Éire agus an Fhrainc chun malartú leictreachais idir an dá thír a éascú. Déanfaidh an nasc an fostáisiún leictreachais atá ann faoi láthair i gCnoc Rátha (in oirthear Chorcaí) a cheangal leis an bhfostáisiún in La Martyre (Finistère, an Fhrainc). Cuirfidh sé le soláthar leictreachais níos inbhuanaithe agus níos seasmhaí agus an t-aon nasc díreach fuinnimh amháin idir Éire agus Ballstát den Aontas Eorpach á chur ar fáil aige. Tá an tionscadal á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir an chórais tarchurtha leictreachais in Éirinn, agus a mhacasamhail sa Fhrainc, Réseau de Transport d'Électricité (RTE).

## San Eagrán seo


- An Nuacht is Déanaí faoin Tionscadal
- An Méid Atá Ar Bun Faoi Láthair
- Sa Limistéar Muirí
- An Nuacht is Déanaí ó RTE (Réseau de Transport d'Électricité)
- Cuairteanna ón bhFrainc agus ón Aontas Eorpach
- Ciste Sochair Pobail
- Uimhreacha Tábhachtacha an Tionscadail
- An Raibh a Fhios Agat?


## An Nuacht is Déanaí Faoin Tionscadal

Bhain an tionscadal garsprioc shuntasach amach i mí an Mhárta, agus oibreacha riachtanacha duchtála cábla ar tír curtha i gcrích go rathúil ag an gcuid trá de Thrá an Chaisleáin Chria, Eochaill.

An méid a bhí i gceist leis na hoibreacha ná píobáin duchtála a ardú go sioncronach chuig an gcófradhamba (trinse) ag cúig chraein, sular íslíodh iad in áit sa trinse. Rinneadh na beacht-oibreacha seo idir fuinneoga taoide na trá.

Ar bhealach an chábla idir láithreán an stáisiúin tiontaire ag Baile Adaim agus Trá an Chaisleáin Chria, tá 98% den trinseáil agus den duchtáil críochnaithe anois, réidh do tharraingt an chábla srutha dhírigh ardvoltais (SDAV). Cuireadh tús leis sin i mí na Bealtaine.

Suiteáladh an cábla srutha ailtéarnaigh ardvoltais (SAAV) go rathúil idir láithreán an stáisiúin tiontaire agus fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh, gar do Chnoc Rátha.

Táimid ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Chorcaí chun socrú a dhéanamh chun oibreacha athchóirithe bóthair a chur i gcrích, de réir mar is gá ar na bealaí SA agus SD, a thosófar an samhradh seo.

Cóipcheart © 2025 | EirGrid |. Gach ceart ar cosaint..

Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union



*Píobáin duchtála á n-ardú go sioncronach chuig an gcófradhamba (trinse) ag Trá an Chaisleán Chria, Márta 2025.*

## An Méid Atá Ar Bun Faoi Láthair

Ag an áit theacht i dtír, cuireadh an chéad chéim d'oibreacha duchtála i gcrích ó bhá siúntála aistrithe a suiteáladh le gairid sna dumhcha taobh thiar den charrchlós, trasna ón gcarrchlós, amach go fad 100 méadar ar an trá. Tá an carrchlós ag feidhmiú arís roimh shéasúr turasóireachta an tsamhraidh.

### Bealach cábla

Ar bhealach an chábla SAAV idir Baile Adaim agus Cnoc Rátha, tá siúntáil cáblaí, aislíonadh bá siúntála, athchóiriú bóthair bá siúntála agus baint cuais scoite ag teacht chun críche.

Cuirfear tús leis an athchóiriú bóthair deiridh ar an mbealach SAAV i mí an Mheithimh 2025.

Cuireadh oibreacha trinseála agus duchtála ar an mbealach SDAV i gcrích ar an N25 idir Baile na Martra agus Cill Ia, le hoibreacha trinseála agus duchtála ar an N25 idir Cill Ia agus Eochaill a bheag nó a mhór críochnaithe. Cuireadh tús le hoibreacha suiteála agus siúntála cáblaí in Eochaill, siar i dtreo Bhaile Adaim i mí na Bealtaine. Beidh bainistiú tráchta i bhfeidhm ag bánna siúntála ar an N25 agus ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla araon le linn na gníomhaíochtaí oibre seo.



*Oibreacha ar bun ag láithreán an stáisiúin tiontaire, Baile Adaim.*

## Stáisiún tiontaire

Tá próiseas tógála an stáisiúin tiontaire ag dul ar aghaidh go maith, le tógáil an dín agus na mballaí curtha i gcrích. Tá oibreacha suiteála leictreachais fós ar bun. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh na córais agus fearais rialaithe bhunriachtanacha is gá le haghaidh fheidhmiú an phróisis tiontaithe voltais istigh sa stáisiún seo.

## Sa Limistéar Muirí

Tá foirne i mbun ullmhúcháin bealaí (oibríochtaí glanta bolláin agus oibríochtaí réamh-thrinseála) faoi láthair. Táthar ag súil go leanfaidh na hoibreacha sin ar aghaidh ar feadh thart ar 4 seachtaine in uiscí amach ón gcósta agus uiscí garchladaigh na hÉireann. Tá idirchaidreamh le hiascairí fós ar bun. Táthar ag súil go rachfar i mbun na n-oibreacha sin go luath i samhradh 2025. Déanfar bolláin a athlonnú thart ar 4 méadar ón áit ina raibh siad roimhe sin feadh na conaire suiteála cábla.

Beidh oibreacha réamh-thrinseála ar siúl leis an soitheach AETHRA i limistéir amach ón gcósta amháin.

## Fostáisiún Bhaile an Ghogánaigh

Táthar i mbun oibreacha sibhialta ag láithreán Fhostáisiún Bhaile an Ghogánaigh faoi láthair, le bealach isteach nua, fálú, agus tírdhreachú ag teacht chun críche. Tá trealamh leictreach, suiteáil leictreach agus deirí leictreacha fós ar bun.




*Tá an Soitheach AETHRA i mbun oibríochtaí glanta bolláin faoi láthair.*




*Paloma Aba-Garotte, Stiúrthóir CINEA ag labhairt le Stiúrthóir na Nasc agus na nIdirnasc Amach ón gCósta de chuid RTE, Regis Boigegrain*

## An Nuacht is Déanaí ó RTE (Réseau de Transport d'Électricité)

Tá na hoibreacha sibhialta ag an stáisiún tiontaire ar thaobh na Fraince den tionscadal ag teacht chun críche agus cuirfear na claochladáin tiontaire ar fáil go luath. Tá an chéad dá chlaochladán á seoladh faoi láthair agus tá siad le teacht isteach go Ar Merzher faoi dheireadh mhí Bealtaine.

Lena linn sin, tá oibreacha cábla trastíre ag dul ar aghaidh agus cuireadh an Chlaondruileáil Chothrománach in Port Neuf i gcrích agus na duchtanna suiteáilte leis sin. Tá níos mó ná 30% de na hoibreacha trinseála agus duchtála don bhealach cábla críochnaithe anois.

Ar deireadh, bhí an-fháilte againn roimh Paloma Aba-Garotte, Stiúrthóir CINEA, atá ag riar mhaoiniú na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, chuig láithreáin an tionscadail sa Fhrainc le gairid.



## Cuairteanna ón bhFrainc agus ón Aontas Eorpach

An mhí seo caite, thug ionadaithe ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) cuairt ar limistéar an tionscadail chun amharc ar an dul chun cinn.

Tá ról tábhachtach ag CINEA i leith tacaíocht a thabhairt do thionscadail san AE atá ag cur le dícharbónú agus leis an bhfás inbhuanaithe, lena n-áirítear Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh.

Le linn na cuairte seo, bhí an deis againn an comhoibriú láidir lenár gcomhpháirtithe tionscadail Réseau de Transport d'Électricité (RTE) a léiriú, mar aon le príomhéachtaí an tionscadail go dtí seo, lena n-áirítear na hoibreacha rathúla is déanaí ag an áit theacht i dtír ag Trá an Chaisleáin Chria, Eochaill.



*Ona Kostinaité-Grinkevičiené agus Annika Eskusson, ó CINEA, Paul O'Shea, EirGrid, Bernard Nolan agus Emmett Deegan, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Shane Cooney agus Kieran French, EirGrid.*



*Ó chlé go deas: Kieran French, Foireann an Idirnascaire Cheiltigh, Michelle Walsh, EirGrid, Alaïs Diebold, Josselin Le Gall, Consal Oinigh na Fraince i gCorcaigh, Nadège Havvet, Franck Dhersin, Michael Mahon, EirGrid, Sylvie Valente Le Hir, Sébastien Fagnen, Marie-Claude Varaillas, Shane Cooney, Foireann an Idirnascaire Cheiltigh, ag láithreán an stáisiúin tiontaire i mBaile Adaim, Oirthear Chorcaí.*

I gcomhar le hAmbasáid na Fraince in Éirinn, ba chúis mórtais do EirGrid é fáilte a chur roimh ionadaithe ó Sheanad na Fraince, agus Josselin LE GALL - Consal Oinigh na Fraince i gCorcaigh, chuig tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh.

Tugadh an deis do na seanadóirí cuairt a thabhairt ar láithreán an stáisiúin tiontaire ag Baile Adaim, gar do Charraig Thuathail agus fuair siad léargas ar phróiseas 6 chéim EirGrid maidir le soláthar eangaí agus ar thábhacht an rannpháirteachais leis an bpobal. Le linn na cuairte, tugadh na seanadóirí cothrom le dáta maidir le príomhéachtaí an tionscadail agus pléadh tábhacht an chomhoibrithe, ar leibhéal na bpáirtithe leasmhara agus ar leibhéal na bpobal araon i gceantair an tionscadail in Éirinn agus sa Fhrainc.

## Ciste Sochair Pobail

Tar éis an tionchair áitiúil dhearfaigh a d'eascair as scaoileadh an mhaoinithe mar chuid de chéim 1 de Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh, tá meastóireacht ar bun ar iarratais chéim 2 faoi láthair sula ndéantar an dara babhta de mhaoiniú a bhronnadh an samhradh seo.

## Uimhreacha Tábhachtacha an Tionscadail

# 575

fad iomlán an tionscadail uile ina chiliméadair, le 500km de sin faoin bhfarraige.



## An Raibh a Fhios Agat?

Le linn oibreacha muirí, is féidir le bolláin a bheith idir 30cm agus 1.5m agus d'fhéadfadh siad a bheith de mheáchan suas le roinnt mhaith tonna.

Buntáiste breise a bhaineann leis an Idirnascaire Ceilteach is ea go mbeidh nasc díreach teileachumarsáide idir Éire agus an Fhrainc (agus mór-roinn na hEorpa).

# Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

In EirGrid, táimid tiomanta do chomhairliúchán le pobail ag gach céim d'fhorbairt an tionscadail. Táimid fíorbhuíoch as foighne agus tacaíocht leanúnach na bpobal, na n-úinéirí talún agus na bpáirtithe leasmhara agus muid ag dul ar aghaidh leis an obair seo.


Le clárú d'uasdátú tionscadail trí ríomhphost, liostáil ag celticinterconnector@eirgrid.com

Is féidir díchlárú ó uasdátuithe am ar bith ach ríomhphost a chur chuig celticinterconnector@eirgrid.com




## Michelle Walsh

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal le EirGrid
085 870 4999


## Cillian Quinlan

Oifigeach Idirchaidrimh le Sorensen
086 032 6171


### Uasdátú Téacs

Más mian leat Uasdátú Téacs a fháil maidir le bóithre a bheidh dúnta, cláraigh d'ár dTéacs-Sheirbhís SAOR IN AISCE trí théacs le **INTER** a chur chuig **50015**.

### Uasdátú Ríomhphoist

Más mian leat uasdátú ríomhphoist a fháil maidir le dúnadh bóithre, cuir ríomhphost chuig celticinterconnector@sorensen.ie

Scan anseo chun a bheith cothrom le dáta maidir le dul chun cinn an tionscadail, nó tabhair cuairt ar www.eirgrid.ie/celticinterconnector


Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union

Tá tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh á fhorbairt ag EirGrid, oibritheoir an chórais aistrithe fuinnimh in Éirinn, agus ag a mhacasamhail sa Fhrainc, RTE (Réseau de Transport d'Électricité).



Cóipcheart © 2025 | EirGrid |. Gach ceart ar cosaint.